



9291/25

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2024/0301 (COD)

---

---

COMPET 413  
MI 323  
JUR 340  
ETS 15  
EDUC 178  
DIGIT 96  
EMPL 196  
SOC 306  
CODEC 668

#### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 8659/25  
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón COM(2024) 531 final  
gCoim.:

---

Ábhar: Rialachán maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012  
- Cur chuige ginearálta

---

Ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Bealtaine 2025, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra réamhluaite.

Leagtar amach san Iarscríbhinn an téacs mar a d'fhorhmeas an Chomhairle é. Na hathruithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún Eorpach, léirítear iad le **cló trom iodálach** i gcás téacs a cuireadh isteach agus le líne tríothu i gcás téacs a scríosadh.

2024/0301 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh  
le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear  
Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>1</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

<sup>1</sup> IO C , , lch.

- (1) Ba cheart úsáid a bhaint as Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI'), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>2</sup>, a mhéid is féidir don chomhar riaracháin agus don chúnamh frithpháirteach, lena n-áirítear idir údaráis inniúla na mBallstát dá bhforáiltear i dTreoracha 2014/67/AE<sup>3</sup> agus 96/71/CE<sup>4</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar. I gcomhréir le Treoir 2014/67/AE, go háirithe Airteagal 6 di, tá na Ballstáit le hoibriú i ndlúthchomhar lena chéile agus cúnamh frithpháirteach a thabhairt dá chéile gan moill mhíchúí chun cur chun feidhme, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú i gcleachtas na Treorach sin agus Threoir 96/71/CE a éascú.

---

<sup>2</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/49/CE ón gCoimisiún ('Rialachán IMI') (IO L 316, 14.11.2012, lch. 1. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1024/oj>).

<sup>3</sup> Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forfheidhmiú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('Rialachán IMI') (IO L 159, 28.5.2014, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/67/oj>).

<sup>4</sup> Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1996/71/oj>).

- (2) Is é is aidhm do Threoir 2014/67/AE [...] an leibhéal iomchuí cosanta do chearta oibrithe ar postú a ráthú [...] ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar ar bhonn trasteorann, go háirithe [...] na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBallstát ina soláthrófar an tseirbhís a fhorfheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 3 de Threoir 96/71/CE, **agus feidhmiú na saoirse chun seirbhísí a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse a éascú agus iomaíocht chóir a chur chun cinn idir soláthraithe seirbhíse, agus tacaíocht á tabhairt ar an gcaoi sin d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.** De réir Airteagal 9(1) de Threoir 2014/67/AE, ní fhéadfaidh na Ballstáit ceanglais riaracháin agus bearta rialaithe a fhorchur de réir mar is gá [...] chun a áirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Treoir sin agus i dTreoir 96/71/CE agus ar choinníoll go bhfuil údar leo agus go bhfuil siad comhréireach i gcomhréir le dlí an Aontais. I gcás inarb amhlaidh atá, ceadaítear le hAirteagal 9(1)(a) de Threoir 2014/67/AE do na Ballstáit oibleagáid a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse atá bunaithe i mBallstát eile dearbhú simplí a dhéanamh leis na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach **ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha is gá** chun rialuithe fíorasacha a cheadú san ionad oibre. Tá sé fós de fhreagracht ar na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, faoi réir an réasúnaithe agus na comhréireachta, cé na cásanna ina n-éileofar dearbhú maidir le postú agus cén fhaisnéis nach mór a bheith sa dearbhú sin. **Le hAirteagal 9(1) (b) ceadaítear do na Ballstáit oibleagáid a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse cóipeanna, i bhfoirm páipéir nó leictreonach, de dhoiciméid a bhaineann le fostaíocht a choimeád, a chur ar fáil agus/nó a choinneáil le linn thréimhse an phostaithe in áit ina chríoch atá inrochtana agus sainaitheanta go soiléir. Le hAirteagal 9(1)(c) ceadaítear oibleagáid a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse na doiciméid sin a sheachadadh, tar éis thréimhse an phostaithe, arna iarraidh sin ag údaráis an Bhallstáit óstaigh, laistigh de thréimhse réasúnta ama. Le hAirteagal 9(1)(d) ceadaítear do na Ballstáit oibleagáid a fhorchur ar sholáthraí seirbhíse aistriúchán ar na doiciméid sin a sholáthar go teanga oifigiúil nó go ceann amháin de na teangacha oifigiúla lena nglacann an Ballstát óstach. Tá sé fós de fhreagracht ar na Ballstáit cinneadh a dhéanamh, laistigh de theorainneacha an réasúnaithe agus na comhréireachta, an dtabharfar isteach aon cheanglais i ndáil leis na doiciméid ábhartha atá le cur ar fáil.**

- (3) Bhain na Ballstáit uile úsáid as an bhféidearthacht oibleagáid dearbhaithe a fhorchur ar sholáthraithe seirbhíse a phostaíonn oibrithe chuig a mBallstát, agus tá difríochtaí suntasacha sna córais náisiúnta ó thaobh dearaidh, ceanglas agus feidhmiúlachta de. ***Cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach i measc na mBallstát idir an t-ualach riaracháin a bhaineann leis an oibleagáid i ndáil le dearbhú maidir le postú***, cruthaíonn comhlíonadh na gcóras éagsúil sin ualach mór riaracháin do na soláthraithe seirbhíse a dhéanann oibrithe a phostú ***chuig Ballstáit éagsúla***. Chuir páirtithe leasmhara, ***go háirithe soláthraithe seirbhíse***, [...] i dtábhacht gur móroibleagáid tuairiscithe é an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus go bhfuil sé i measc na ***mbacainní*** [...] riaracháin is tábhachtaí ar sholáthar seirbhísí trasteorann sa mhargadh inmheánach.
- (4) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú [...] ***chun an t-ualach riaracháin a theorannú, á áirithiú*** ag an am céanna go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad [...]. Ba cheart, dá bhrí sin, simpliú a dhéanamh ar na hoibleagáidí agus na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le dearbhuithe maidir le postú a chur faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 9(1), ***pointe (a)***, de Threoir 2014/67/AE ***gan dochar do chosaint leordhóthanach do chearta oibrithe ar postú faoi Threoir 96/71/CE agus dá forfheidhmiú faoi Threoir 2014/67/AE***, i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’<sup>5</sup>, chun an t-ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe i mBallstáit eile agus a chuireann oibrithe ar postú chuig na Ballstáit óstacha a laghdú go mór, mar aon leis an ualach ar údaráis inniúla náisiúnta.

---

<sup>5</sup> COM(2023) 168 final.

- (5) Ní mór laghdú ar an ualach riaracháin ar sholáthraithe seirbhíse agus ar údaráis inniúla náisiúnta *a bhaint amach* [...] agus *urraim á tabhairt* do dhálaí oibre leordhóthanacha agus do chosaint shóisialta d'oibrithe ar postú *agus dá cur chun feidhme*. Trí fhaireachán éifeachtach a éascú ar *reachtaíocht an Aontais a bheith á comhlíonadh* [...] ag na Ballstáit *arb é is aidhm di cosaint chearta na n-oibrithe ar postú a áirithiú* agus comhar riaracháin frithpháirteach a threisiú, feabhsaítear cosaint chearta na n-oibrithe *agus rannchuidítear leis an gcomhrac ar theacht timpeall agus ar mhí-úsáid rialacha maidir le postú agus obair neamhdhearbhaithe i gcomhthéacs oibrithe a phostú*.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, féadfar modhanna teicniúla a sholáthar chun gur féidir le gníomhaithe seachtracha idirghníomhú le IMI. Ba cheart an idirghníomhaíocht sin a éascú le comhéadan poiblí leictreonach ilteangach atá nasctha le IMI ('an comhéadan poiblí') trínar cheart do sholáthraithe seirbhíse dearbhuithe maidir le postú a chur faoi bhráid na mBallstát a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí [...] *seachas a ndearbhú féin maidir le postú i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(a) de Threoir 2014/67/AE agus leis an dlí náisiúnta agus trínar cheart do sholáthraithe seirbhíse doiciméid ábhartha a chur ar fáil do na Ballstáit [...] a bhaineann úsáid bhreise as an gcomhéadan poiblí in ionad a nósanna imeachta féin chun na doiciméid ábhartha sin a iarraidh agus a fháil. Níor cheart doiciméid arna n-iarraidh agus arna bhfáil in IMI tríd an gcomhéadan poiblí a iarraidh arís ar aon bhealach eile. Ansin d'fhéadfadh na Ballstáit [...] sin an fhaisnéis agus na doiciméid a fhaightear trí IMI a úsáid chun iarrataí réasúnaithe a dhéanamh i modúil IMI maidir le postú i gcomhréir leis an oibleagáid comhar agus cúnaimh riaracháin frithpháirteach a sholáthar dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2014/67/AE*.
- (7) Le simpliú ar an bpróiseas dearbhuithe maidir le postú *agus doiciméid ábhartha a chur ar fáil* a sheoladh agus a thabhairt cothrom le dáta a eascraíonn as an gcomhéadan poiblí sin a chruthú, [...] *tá sé d'aidhm laghdú a dhéanamh ar bhacainní* [...] riaracháin ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear ar an gceart atá ag gnóthais seirbhísí a sholáthar lena n-oibrithe féin i mBallstát eile.

- (7a) *Cé nach gceanglaítear ar na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le húsáid an chomhéadain poiblí arna bhunú leis an Rialachán seo agus go bhféadfaidh siad leanúint dá ndearbhú féin maidir le postú a úsáid, rannchuideoidh úsáid bheartaithe na mBallstát le chomhfhogasú an nós imeachta agus na gceanglas le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú sna Ballstáit rannpháirteacha a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí. Leis an gcomhéadan poiblí mar an tairseach dhearbhuicháin aonair agus an fhoirm chaighdeánach, bunaítear coinníollacha comhchosúla le haghaidh dearbhuithe maidir le postú sna Ballstáit a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí. Dá bhrí sin, is é is aidhm don Rialachán seo saorsholáthar seirbhísí a éascú trí dhul ar aghaidh le comhchuibhiú páirteach maidir leis an nós imeachta agus na ceanglais le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú a leagtar amach i dTreoir 2014/67/AE. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le coinníollacha níos comhchuibhithe, laghdófar leis an Rialachán seo an ilroinnt atá ann faoi láthair idir na Ballstáit a chinneann úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí.*
- (8) Trí shimpliú a dhéanamh ar an bpróiseas dearbhuithe maidir le postú a sheoladh agus a thabhairt cothrom le dáta [...] *tríd an gcomhéadan poiblí tá sé d’aidhm* [...] cur i bhfeidhm níos fearr [...] Threoir 96/71/CE chomh maith lena forfheidhmiú sa chleachtas *a éascú* [...]. *Tá sé d’aidhm* cigireachtaí éifeachtacha agus leordhóthanacha arna ndéanamh ag na Ballstáit *a éascú*, rud a rannchuideoidh le cearta oibrithe ar postú a chosaint.
- (9) Le simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun dearbhuithe maidir le postú a sheoladh agus a thabhairt cothrom le dáta [...] *tríd an gcomhéadan poiblí tá sé d’aidhm* an t-ualach riaracháin ar údaráis inniúla náisiúnta a bhfuil cúnamh frithpháirteach á lorg acu ó Bhallstáit eile a laghdú. Chun a áirithiú go dtabharfaidh [...] na húdaráis inniúla náisiúnta atá freagrach cúnamh frithpháirteach dá chéile gan moill mhíchuí agus chun iarrataí ar chúnamh frithpháirteach a shimpliú, ba cheart faisnéis arna cur isteach i ndearbhuithe maidir le postú a chur ar fáil go díreach in IMI, agus ar an gcaoi sin cur i bhfeidhm i gcleachtas Threoir 2014/67/AE agus Threoir 96/71/CE a éascú agus tacú leis an gcomhar riaracháin gaolmhar idir na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit a rannchuidíonn le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

- (10) Ba cheart don Choimisiún comhéadan poiblí a bhunú lena úsáid go deonach ag na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit a roghnú ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse an comhéadan poiblí leictreonach a úsáid chun dearbhú maidir le postú a dhéanamh chuig a n-údaráis inniúla náisiúnta atá freagrach **agus chun doiciméid a uaslódáil arna iarraidh sin dá n-údaráis inniúla, mar bhealach [...]** chun [...] **na** hoibleagáidí arna bhforchur ag na Ballstáit sin a chomhlíonadh maidir le postú oibríthe a dhearbhu **i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 2014/67/AE agus doiciméid a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(b), (c) agus (d) de Threoir 2014/67/AE**. Leis an gcomhéadan poiblí sin, ba cheart tacú leis na Ballstáit ina gcúram chun a áirithiú gur féidir le gnóthais na nósanna imeachta agus na foirmiúlachtaí maidir le hoibríthe a phostú a chur i gcrích ar bhealach so-úsáide, go cianda agus trí mheán leictreonach, rud a éascódh dearbhuithe maidir le postú a chur isteach **agus doiciméid a uaslódáil** i gcás inar gá. **Ba cheart don chomhéadan poiblí na sonraí sna dearbhuithe maidir le postú a bhailíochtú go teicniúil chun inchreidteacht agus cruinneas teicniúil na faisnéise a iontráladh agus formáid na sonraí a áirithiú a mhéid is féidir. Ba cheart aon ghníomhaíocht úsáideora de chuid an tsoláthraí seirbhíse sa chomhéadan poiblí a bhaineann le dearbhuithe maidir le postú agus na sonraí a áirítear leo a thairfeadh agus a logáil chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán a sholáthar. Níor cheart aon tionchar a bheith ag bunú an chomhéadain poiblí ar na Ballstáit a chinneann gan an comhéadan poiblí a úsáid agus leanúint dá ndearbhú náisiúnta maidir le postú a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(a) de Threoir 2014/67/AE. Leanfaidh na Ballstáit uile de IMI a úsáid don chomhar riaracháin agus don chúnamh frithpháirteach idir údaráis inniúla na mBallstát dá bhforáiltear i dTreoir 2014/67/AE agus i dTreoir 96/71/CE agus i bpointe 6 agus 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán 1024/2012. Ba cheart don Choimisiún naisc chuig suíomhanna gréasáin ábhartha na mBallstát chun fógra réasúnaithe a chur isteach i gcomhréir le Treoir 96/71/CE a chur ar fáil go poiblí ar an gcomhéadan poiblí.**

(11) Ba cheart úsáid a bhaint as réitigh idir-inoibritheacha agus in-athúsáidte, mar shampla na réitigh sin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú<sup>6</sup>, toisc gur féidir leo an chaoi a sainaitníonn soláthraithe seirbhíse iad féin a éascú.[...]<sup>7</sup>[...]

**(11a) *Agus an comhéadan poiblí á chur ar bun, ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhéachaint an bhféadfaí an dearbhú maidir le postú faoi Threoir 2014/67/AE agus an t-iarratas ar dhoiciméad iniompartha AI a thabhairt níos gaire dá chéile go teicniúil, lena n-áirítear trí fhéachaint ar shineirgí ó thaobh in-athúsáidteacht sonraí de. Ba cheart don Choimisiún féachaint freisin an bhféadfaí raon feidhme an chomhéadain poiblí a leathnú chuig dearbhuithe ó sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a sheolann oibrithe chuig Ballstát chun seirbhísí a sholáthar agus chun ligean do na Ballstáit úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí i gcás ina bhforchuireann Ballstát oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe lasmuigh den Aontas a dhearbhu gur seoladh oibrithe chuig an mBallstát sin.***

---

<sup>6</sup> Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le Creat na Céannachta Digití Eorpaí a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj>).

<sup>7</sup> [...]

- (12) Is modh teicniúil é an comhéadan poiblí atá nasctha le IMI a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil lena úsáid go deonach ag na Ballstáit. ***Cé nach bhfuil aon oibleagáid ar na Ballstáit aon cheann de na bearta in Airteagal 9(1) (a), (b), (c) nó (d) de Threoir 2014/67/AE a fhorchur ar an soláthraí seirbhíse, sula gcuirfear de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse postú na n-oibríthe a dhearbhu tríd an gcomhéadan sin agus, i gcás ina gcinneann Ballstát an comhéadan poiblí a úsáid freisin chun doiciméid [...] ábhartha a chur ar fáil, sula gcuirfear de cheangal ar sholáthraithe seirbhíse doiciméid ábhartha a chur ar fáil*** tríd an gcomhéadan sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhforáiltear don cheanglas sin sa dlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais. Chun úsáid shaoráideach an chomhéadain phoiblí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún gur spéis leo úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí leictreonach ilteangach ***le haghaidh dearbhuithe maidir le postú, agus i gcás inarb infheidhme, le haghaidh doiciméid a uaslódáil freisin, tráth ar bith ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit scor d'úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí, ar choinníoll go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin rún sin go tráthúil chun a áirithiú go mbainfear úsáid shaoráideach as an gcomhéadan poiblí agus go mbeidh deimhneacht dhlíthiúil ann do sholáthraithe seirbhíse.***
- (13) Ba cheart don Choimisiún, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar páirtithe iontu an tAontas agus na Ballstáit uile, inrochtaineacht an chomhéadain phoiblí agus a ábhar a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, agus na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 á gcur san áireamh a mhéid is ábhartha<sup>8</sup>.

---

<sup>8</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/882/oj>).

- (14) Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse a bheith in ann dearbhú maidir le postú a chur isteach **agus doiciméid ábhartha a chur ar fáil** d'údaráis inniúla náisiúnta Ballstáit [...] **a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí agus** a ndéantar oibrí a phostú chuige, i.e. an Ballstát óstach, agus úsáid á baint as foirm chaighdeánach ilteangach **agus as feidhmiúlacht uaslódála doiciméad** an chomhéadain poiblí sin. **Ba cheart go gcuirfeadh an tsaoráid aistriúcháin in IMI ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta na doiciméid a aistriú ó aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais agus go dtí aon cheann díobh. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin deireadh leis an ngá atá le hoibleagáid ar an soláthraí seirbhíse aistriúcháin ar na doiciméid sin a sholáthar.**
- (15) Fuair an Coimisiún ionchur ón ngrúpa saineolaithe maidir le foirm leictreonach choiteann le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú i ndáil leis na ceanglais agus na córais dearbhaithe náisiúnta agus i ndáil leis an bhfaisnéis ábhartha is gá chun rialuithe fíorasacha a cheadú san ionad oibre. Fuair an Coimisiún comhairle ón ngrúpa saineolaithe maidir leis na ceanglais faisnéise a mheasfadh sé a bheith iomchuí a áireamh i bhfoirm choiteann le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú. Agus an chomhairle sin, **dlí an Aontais is infheidhme agus na dlíthe náisiúnta lena gcuirtear Treoir 2014/67/AE chun feidhme** á gcur san áireamh, agus chun go bhféadfar an fhaisnéis a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun rialuithe fíorasacha a cheadú san ionad oibre, ba cheart gurb é a bheadh san fhoirm chaighdeánach, a úsáideann an comhéadan poiblí leictreonach, faisnéis a bhaineann leis an soláthraí seirbhíse, leis an oibrí ar postú, leis an sannadh maidir le postú, leis na **daoine** [...] teagmhála d'údaráis inniúla agus **do chomhpháirtithe sóisialta, agus** le faighteoir na seirbhíse.[...]

- (15a) *Ba cheart an fhoirm chaighdeánach a bheith ar fáil i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach n-éileofar gnéithe áirithe atá san fhoirm chaighdeánach, gnéithe nach measann siad a bheith ábhartha i bhfianaise a gcomhthéacs náisiúnta agus an chaoi a n-eagraíonn siad na rialuithe fíorasacha san ionad oibre, ar sholáthraithe seirbhíse a dhéanann oibrithe a phostú ar a gcríoch agus an fhoirm á líonadh isteach acu ar an gcomhéadan poiblí leictreonach. Ar bhonn na faisnéise sin, ba cheart don Choimisiún an fhoirm chaighdeánach a leasú trí bhíthin gníomh cur chun feidhme trí thagairt a chur léi don Bhallstát nó do na Ballstáit nach n-iarrann gnéithe áirithe.*
- (15b) *Agus imthosca sonracha na mBallstát á gcur san áireamh, d'fhéadfadh faisnéis faoin soláthraí seirbhíse lena n-áirítear ionadaí dlíthiúil nó duine eile a dhéanann ionadaíocht ar an gcuideachta in imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla agus faoi chéannacht agus sonraí teagmhála fhaighteoir na seirbhíse sainaithint cásanna imchéimniúcháin agus mí-úsáide rialacha maidir le postú agus obair neamhdhearbhaithe a éascú i gcomhthéacs oibrithe a phostú. I gcás postuithe arna ndéanamh ag gnóthas fostaíochta sealadaí nó ag gníomhaireacht socrúcháin shealadaigh i gcás postú dúbailte nó postú slabhrach, ba cheart go mbeifí in ann, leis an bhfoirm chaighdeánach, an gnóthas úsáideora a shainaithint. D'fhéadfadh faisnéis faoi ionadaí dlíthiúil nó faoi dhuine eile a dhéanann ionadaíocht ar an ngnóthas úsáideora in imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla faireachán ar chomhlíonadh a éascú freisin.*
- (16) Maidir leis an bhfoirm chaighdeánach a bhunú, agus le hathruithe a dhéanamh uirthi ina dhiaidh sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup>. Ós rud é gur cheart faisnéis áirithe a chur leis an bhfoirm chaighdeánach nó a bhaint di, nó gur cheart an fhoirm chaighdeánach a mhodhnú ar bhealach eile, **agus ceanglais dearbhaithe agus imthosca sonracha Ballstáit á gcur san áireamh freisin**, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún an fhoirm chaighdeánach a leasú dá réir.

---

<sup>9</sup> Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

- (17) Le húsáid an chomhéadain phoiblí, ina bhfuil foirm chaighdeánach, arb é a bheidh ann sraith choiteann uileghabhálach faisnéise ábhartha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach le haghaidh rialuithe fíorasacha san ionad oibre, laghdófar na héagsúlachtaí i rialacha agus rialacháin is infheidhme na mBallstát. Ba cheart gur leor é do sholáthraithe seirbhíse na hoibleagáidí dearbhaithe maidir le *postú* sna Ballstáit a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí a chomhlíonadh. ***Chun críche an dearbhaithe maidir le postú***, níor cheart aon cheanglas breise faisnéise a fhorchur ar an leibhéal náisiúnta sna Ballstáit sin. Ba cheart [...] ***úsáid*** an chomhéadain phoiblí [...] ***chun doiciméid a uaslódáil a bheith leordhóthanach chun go gcomhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse aon oibleagáid maidir leis na doiciméid sin a choimeád agus/nó a chur ar fáil [...] arna forchur ag*** na Ballstáit ***de bhun Airteagal 9(1) (b), (c) agus (d) de Threoir 2014/67/AE***. Níor cheart aon ***cheanglais a fhorchur ar an leibhéal náisiúnta sna Ballstáit sin maidir leis na doiciméid sin a chur ar fáil a luaithe a bheidh siad iarrtha agus curtha ar fáil ag an soláthraí seirbhíse tríd an gcomhéadan poiblí in IMI [...]***. Ní dhéanann sé sin ***dífear don fhéidearthacht atá ag na Ballstáit tuilleadh faisnéise agus doiciméad a iarraidh chun a úirithiú go ndéanfar faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibríthe a phostú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2014/67/AE***.
- (18) [...]

- (19) [...] *Féadfaidh* sonraí pearsanta áirithe *a bheith san fhoirm chaighdeánach agus sna doiciméid arna n-uaslódáil ag an soláthraí seirbhíse*. Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta *sa chomhéadan poiblí* a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/679<sup>10</sup> agus (AE) 2018/1725<sup>11</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. *Chun na críche sin, ba cheart catagóirí sonraí pearsanta a fhéadfar a phróiseáil a shainmhíniú sa Rialachán seo*. Chun soiléiriú a dhéanamh ar an bhfreagracht as próiseáil sonraí pearsanta a chuirtear isteach tríd an gcomhéadan poiblí, ba cheart a léiriú sa Rialachán seo cé a mheasfar a bheith ina rialaitheoir ar na sonraí pearsanta. Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le próiseáil sonraí pearsanta na n-údarás inniúil in IMI.
- (20) Ba cheart an fhaisnéis ó na dearbhuithe maidir le postú *agus na doiciméid uaslódáilte* a choinneáil sa chomhéadan poiblí chun í a athúsáid i ndearbhuithe maidir le postú ina dhiaidh sin ar feadh uastréimhse 36 mhí tar éis dháta deiridh na tréimhse maidir le postú. *Féadfar an fhaisnéis a choinneáil i gcórais chúil náisiúnta ar feadh tréimhse níos faide, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, leis an dlí náisiúnta agus le cleachtais náisiúnta*.
- (21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh [...] *an 8 Eanáir 2025*.

---

<sup>10</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj>).

<sup>11</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

- (22) I gcás ina bhfuil ról ag comhpháirtithe sóisialta maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha maidir le postú, ba cheart cead a bheith ag na húdaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha a roinneadh trí IMI a sholáthar do chomhpháirtithe sóisialta náisiúnta chun comhlíonadh na rialacha maidir le postú a sheiceáil, agus chun na críche sin amháin, agus Rialachán (AE) 2016/679 á urramú ag an am céanna. Ba cheart an fhaisnéis ábhartha a sholáthar do na comhpháirtithe sóisialta trí mhodhanna eile seachas trí IMI.
- (23) Ba cheart don Údarás Eorpach Saothair tacú le húdaráis inniúla náisiúnta agus soláthraithe seirbhíse na mBallstát, *lena n-áirítear FBManna*, maidir le cur chun feidhme agus úsáid an chomhéadain poiblí i gcomhréir lena shainordú faoi Rialachán (AE) 2019/1149<sup>12</sup>.
- (24) Ba cheart don rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2014/67/AE agus do Threoir 96/71/CE. *Ba cheart é a bheith gan dochar freisin do reachtaíocht an Aontais lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le IMI a úsáid le haghaidh dearbhuithe maidir le catagóirí áirithe oibríthe a phostú, amhail Treoir (AE) 2020/1057.*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

<sup>12</sup> Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2016/344 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE agus leis an Eilvéis) (IO L 186, 11.7.2019, lch. 21, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1149/oj>)

## Airteagal 1

### Comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh

1. Chun cuidiú le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh trí **bhacainní** [...] riaracháin ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a laghdú, agus faireachán éifeachtach na mBallstát á éascú an tráth céanna ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais arb é is aidhm di cosaint chearta na n-oibrithe ar postú a áirithiú, agus tacaíocht á tabhairt don chomhar riaracháin gaolmhar idir na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún comhéadan poiblí ilteangach ar bun atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh ('IMI'), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú **agus, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh doiciméid ábhartha a chur ar fáil** ('an comhéadan poiblí').
2. Féadfaidh na Ballstáit [...] **a chinneadh** [...] **an** comhéadan poiblí **dá dtagraítear i mír 1** a úsáid.
3. Féadfar foráil a dhéanamh i reachtaíocht Ballstáit do sholáthraithe seirbhíse postú oibrithe a dhearbhu, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 2014/67/AE, trí dhearbhu bunaithe ar fhoirm chaighdeánach ilteangach a chur isteach tríd an gcomhéadan poiblí. **Ina theannta sin, féadfar a fhoráil le reachtaíocht Ballstáit, i gcás ina gcinneadh Ballstát amhlaidh, go gcuirfidh soláthraithe seirbhíse cóipeanna ar fáil de na doiciméid ábhartha is gá chun críocha seiceálacha agus faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 9(1) (b), (c) agus (d), arna iarraidh sin don údarás inniúil náisiúnta atá freagrach, trí na doiciméid sin a uaslódáil laistigh de thréimhse réasúnta ama** sa chomhéadan poiblí [...].

- 3a. *Gan dochar d’Airteagal 9 de Threoir 2014/67/AE, i gcás ina gcinnfidh Ballstát an oibleagáid a fhorchur an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú a dhéanamh de bhun Airteagal 9(1)(a) agus doiciméid ábhartha a chur ar fáil de bhun Airteagal 9(1) (b), (c) agus (d) de Threoir 2014/67/AE agus i gcás ina gcinnfidh an Ballstát sin úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear an dearbhú agus cur ar fáil na ndoiciméad dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo in ionad aon dearbhú maidir le postú atá ann cheana a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta agus in ionad aon cheanglais maidir le doiciméid a chur ar fáil nó a choinneáil ar fáil má iarradh agus má fuarthas na doiciméid sin in IMI tríd an gcomhéadan poiblí.*

## *Airteagal 2*

### **Feidhmiúlachtaí an chomhéadain poiblí**

1. Soláthrófar [...] **feidhmiúlachtaí** leis an gcomhéadan poiblí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
  - (a) cuntas a chruthú le haghaidh rochtain shlán ar limistéar forchoimeáda an tsoláthraí seirbhíse;
  - (b) logáil iomchuí gníomhaíochta úsáideora a áirithiú;
  - (c) dearbhuithe maidir le **postú** a chruthú, a tharchur agus a bhainistiú, **lena n-áirítear an bailíochtú teicniúil** [...];
  - (d) **sliocht** as an dearbhú maidir le postú **ina bhfuil sonraí ábhartha** [...] a tharchur **go leictreonach** chuig an oibrí ar postú;
  - (da) **uaslódáil na ndoiciméad ábhartha a liostaítear in Airteagal 9 (1) (b) de Threoir 2014/67/AE a cheadú, tar éis tús a bheith curtha le tréimhse an phostaithe agus ar choinníoll gur cuireadh isteach an dearbhú gaolmhar maidir le postú ar an gcomhéadan poiblí;**

(e) faisnéis arna cur isteach in IMI a chur ar fáil d'údaráis inniúla náisiúnta fhreagracha an Bhallstáit óstaigh **agus Bhallstát bunáochta an tsoláthraí seirbhíse araon, chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais arb é is aidhm di cosaint chearta na n-oibrithe ar postú a áirithiú, agus** le haghaidh comhar riaracháin de bhun phointí 6 agus 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012[...];

**(ea) doiciméid uaslódáilte a chur ar fáil in IMI d'údaráis inniúla náisiúnta fhreagracha an Bhallstáit óstaigh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais arb é is aidhm di cosaint chearta na n-oibrithe ar postú a áirithiú, agus le haghaidh comhar riaracháin de bhun phointí 6 agus 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.**

(f) cead a thabhairt d'údarás náisiúnta amháin nó níos mó de chuid an Bhallstáit óstaigh ar údaráis inniúla iad de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2014/67/AE, dearbhuithe maidir le postú a fháil sa bhreis air sin, **agus gach athrú orthu ina dhiaidh sin, go díreach sa chóras cúil náisiúnta arna iarraidh sin don Bhallstát sin; agus lena gceadaítear d'údarás náisiúnta amháin nó níos mó de chuid Bhallstát bunáochta an tsoláthraí seirbhíse ar údaráis inniúla iad de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 2014/67/AE faisnéis arna cur isteach a fháil go díreach ina gcóras cúil náisiúnta arna iarraidh sin don Bhallstát sin.**

**(fa) malartú teachtaireachtaí a cheadú idir na húdaráis inniúla sa Bhallstát óstach agus na soláthraithe seirbhíse, ar choinníoll go bhfuil sé sin ábhartha d'ábhar an dearbhaithe maidir le postú agus/nó don iarraidh ar dhoiciméid ábhartha a uaslódáil.**

2. Beidh an Coimisiún freagrach as an gcomhéadan poiblí a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú.
3. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an comhéadan poiblí agus a ábhar inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.[...]

**Na Ballstáit ag baint úsáid as an gcomhéadan poiblí**

1. Aon Bhallstát a [...] **chinneann** úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas **ar a laghad** 6 mhí roimh an dáta óna mbeidh sé ar intinn aige an comhéadan poiblí a úsáid.
2. Maidir le Ballstát a [...] **chinneann** úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí, glacfaidh sé na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun gur féidir le soláthraithe seirbhíse a chuireann oibríthe ar post chuig an mBallstát sin an comhéadan poiblí a úsáid agus chun ceanglais an chomhéadain phoiblí agus na foirme caighdeánaí a chomhlíonadh le haghaidh dearbhú maidir le hoibríthe a phostú **agus, i gcás inarb ábhartha, doiciméid a uaslódáil** in am trátha roimh an úsáid sin.
3. Ní dhéanfaidh na Ballstáit a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí aon dearbhú breise ná aon cheanglas faisnéise breise a fhorchur ar na soláthraithe seirbhíse a chuireann isteach an dearbhú **de réir bhrí Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2014/67/AE** maidir le postú tríd an gcomhéadan poiblí. **Ní fhorchuirfidh na Ballstáit aon cheanglais bhreise maidir le doiciméid a choinneáil nó a chur ar fáil le linn na tréimhse postaithe nó ina diaidh de réir bhrí Airteagal 9(1) (b), (c) agus (d) de Threoir 2014/67/AE ar na soláthraithe seirbhíse i gcás ina bhfuil uaslódáil na ndoiciméad sin curtha ar fáil cheana in IMI tríd an gcomhéadan poiblí.**
4. Cuirfidh an Coimisiún liosta na mBallstát a bhaineann úsáid as an gcomhéadan poiblí dá dtagraítear i mír 3 ar fáil go poiblí ar an gcomhéadan poiblí. **I gcás ina gcinnfidh Ballstát gan úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí, cuirfidh an comhéadan poiblí an nasc chuig suíomh gréasáin an Bhallstáit sin um dhearbú maidir le postú ar fáil, más infheidhme.**
5. Féadfaidh Ballstát scor d'úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí. Cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas [...] **ar a laghad dhá** mhí roimh an dáta beartaithe chun deireadh a chur le húsáid an chomhéadain phoiblí.

Foirm chaighdeánach

1. [...] *I gcomhréir le hAirteagal 9(1)a de Threoir 2014/67/AE agus bunaithe ar dhlíthe náisiúnta lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme, is é a bheidh san fhoirm chaighdeánach liosta den fhaisnéis is gá chun rialuithe fíorasacha a cheadú san ionad oibre de réir bhrí Airteagal 9(1) de Threoir 2014/67/AE agus a bhaineann leis an méid seo a leanas:*
  - (a) *an soláthraí seirbhíse, lena n-áirítear an t-ionadaí dlíthiúil nó an duine eile a dhéanann ionadaíocht ar an soláthraí seirbhíse in imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla, agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(a);*
  - (b) *na hoibrithe [...] ar postú, lena n-áirítear líon réamh-mheasta na n-oibrithe ar postú atá inaitheanta go soiléir, an cur síos ar an obair a rinneadh, agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(3) (b) agus (c);*
  - (c) *an sannadh maidir le postú, lena n-áirítear fad réamh-mheasta, dáta tosaigh agus deiridh beartaithe an phostaithe, cineál na seirbhísí lena dtugtar údar leis an bpostú, cóiríocht chomhchoiteann agus dálaí oibre agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(d);*
  - (d) *na teagmhálaithe [...] dá dtagraítear in Airteagal 9(1) pointí e agus f de Threoir 2014/67/AE, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(3)(e);*
  - (e) *faighteoir na seirbhíse, lena n-áirítear céannacht fhaighteoir na seirbhíse agus a shonraí teagmhála.*
- 1a. *I gcás postuithe arna ndéanamh ag gnóthas fostaíochta sealadaí nó ag gníomhaireacht socrúcháin shealadaigh i gcás postú dúbailte nó postú slabhrach mar a thuairiscítear i bhfomhíreanna 1 agus 2 d'Airteagal 1(3) de Threoir 96/71/CE, is é a bheidh san fhoirm chaighdeánach freisin faisnéis a bhaineann leis an ngnóthas úsáideora, lena n-áirítear céannacht an ghnóthais úsáideora agus an ionadaí dlíthiúil nó an duine eile a dhéanann ionadaíocht ar an ngnóthas úsáideora in imeachtaí riaracháin agus dlíthiúla.*

2. Bunóidh an Coimisiún an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2).
3. Féadfaidh Ballstát a [...] **chinneann** úsáid a bhaint as an gcomhéadan poiblí a chinneadh gan an fhaisnéis uile atá san fhoirm chaighdeánach a iarraidh agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas dá réir sin. **Ar bhonn na faisnéise sin, leasóidh an Coimisiún an fhoirm chaighdeánach don Bhallstát ábhartha i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2).**
4. Féadfaidh **aon Bhallstát** [...] moltaí maidir le leasú nó leasuithe ar an bhfoirm chaighdeánach a chur faoi bhráid an Choimisiúin, **agus na cúiseanna atá leis an moladh á míniú aige**. Scrúdóidh an Coimisiún, **in am réasúnach**, moltaí den sórt sin d'fhonn an fhoirm chaighdeánach a leasú, i gcás inarb iomchuí.
5. Féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn moladh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, [...] **dréachtghníomh cur chun feidhme a thíolacadh chun** an fhoirm chaighdeánach **a leasú**, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.
- 5a. **I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gan dréachtghníomh cur chun feidhme a thíolacadh le haghaidh leasú arna mholadh ag Ballstát, lena n-áirítear má mheasann sé nach bhfuil bonn cirt leis nó go bhfuil sé díréireach, míneoidh an Coimisiún, in am réasúnach, na cúiseanna lena chinneadh.**

#### *Airteagal 5*

#### **Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a choinneáil**

1. Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, féadfar [...] na sonraí pearsanta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a phróiseáil **sa** chomhéadan poiblí.

2. Measfar gur rialaitheoir é an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil leis an méid seo a leanas:
  - (a) Slándáil agus infhaighteacht an chomhéadain poiblí a áirithiú;
  - (b) Próiseáil a dhéanamh ar shonraí aitheantais agus teagmhála an duine a chuireann isteach an dearbhú maidir le hoibrithe a phostú,
  
3. Measfar gur rialaitheoir é an soláthraí seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 maidir leis na nithe seo a leanas a phróiseáil:
  - (a) céannacht agus sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhíse **agus an fhaighteora seirbhíse**;
  - (b) céannacht [...] **na n-oibrithe** ar postú [...];
  - (c) seoladh fógra leictreonach, amhail [...] seoladh **ríomhphoist** oibrí ar postú, chun an t-oibrí ar postú a chur ar an eolas gur cuireadh isteach dearbhú **maidir le postú** don oibrí sin;
  - (d) seoladh ionad oibre an oibrí ar postú;
  - (e) céannacht agus sonraí teagmhála **na ndaoine** teagmhála [...] **nó an ionadaí ábhartha**;

**(ea) sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a uaslódáiltear chuig an gcomhéadan poiblí.**
  
4. I gcás ina bhfaigheann Ballstát dearbhuithe maidir le postú sa bhreis air sin tríd an gcomhéadan poiblí ina chóras cúil náisiúnta, measfar gur rialaitheoir é an t-údarás náisiúnta inniúil i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta atá sna dearbhuithe sin maidir le postú.
  
5. Áiritheofar leis an gcomhéadan poiblí go scriosfar go huathoibríoch an fhaisnéis **agus na doiciméid** a bhaineann le postú a [...] **cuireadh** isteach tríd an gcomhéadan poiblí sin 36 mhí tar éis dháta deiridh na tréimhse ar postú.

6. Leis an gcomhéadan poiblí, féadfar na sonraí pearsanta uile a stóráiltear ann agus i gcuntais na soláthraithe seirbhíse a scriosadh nuair nach mbeidh gá leis na sonraí sin a thuilleadh chun na gcríoch a bailíodh agus a próiseáladh iad.
7. Leis an gcomhéadan poiblí féadfar meabhrúchán a sheoladh chuig an soláthraí seirbhíse chun aon sonraí pearsanta a athbhreithniú agus a scriosadh nuair is gá, i gcomhréir le mír 6.
8. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt don údarás inniúil náisiúnta faisnéis ábhartha atá ar fáil in IMI a sholáthar do chomhpháirtithe sóisialta náisiúnta ar bhealaí eile seachas trí IMI a mhéid is gá agus go heisiach chun comhlíonadh na rialacha maidir le postú a sheiceáil agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na cleachtais náisiúnta, ar choinníoll go mbaineann an fhaisnéis le postú chuig críoch an Bhallstáit lena mbaineann.

#### *Airteagal 6*

#### **Próiseáil faisnéise agus na doiciméid uaslódáilte arna gcur isteach trí IMI**

Maidir le faisnéis a chuirfear isteach **agus na doiciméid a uaslódálfar** tríd an gcomhéadan poiblí, cuirfear ar fáil in IMI í d'údaráis inniúla fhreagracha an Bhallstáit óstaigh chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach. ***Déanfar faisnéis a chuirtear isteach tríd an gcomhéadan poiblí a chur ar fáil in IMI freisin d'údaráis inniúla fhreagracha Bhallstát bunaióchta an tsoláthraí seirbhíse.***

#### *Airteagal 7*

#### **Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, cuirtear isteach an pointe (17) nua seo a leanas:

- ‘17. Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le comhéadan poiblí atá nasctha le Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh dearbhú maidir le hoibrithe a phostú agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012.’

## *Airteagal 8*

### **Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnaimh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal [...] 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## *Airteagal 9*

### **Meastóireacht**

Tuairisceoidh an Coimisiún ar an taithí a fuarthas agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm faoin [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin]. Go háirithe, déanfar scrúdú sa tuarascáil ar a mhéid a d'éirigh leis an Rialachán seo ***bacainní*** riaracháin [...] ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar a laghdú, ***ilroinnt an Mhargaidh Inmheánaigh a laghdú go héifeachtach***, faireachán éifeachtach ag na Ballstáit ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a éascú arb é is aidhm dó cosaint oibrithe ar postú a áirithiú agus tacú leis an gcomhar riaracháin gaolmhar idir na húdaráis inniúla náisiúnta sna Ballstáit. ***Thairis sin, déanfaidh sé scrúdú ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gcomhéadan poiblí amach anseo le haghaidh dearbhuithe ó sholáthraithe seirbhíse atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a sheolann oibrithe chuig Ballstát chun seirbhísí a sholáthar chomh maith leis an bhféidearthacht an dearbhú maidir le postú agus an t-iarratas ar dhoiciméad iniompartha A1 a thabhairt níos gaire dá chéile go teicniúil. Cuirfidh an Coimisiún tuairim na ngeallsealbhóirí ábhartha san áireamh.***

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---